



**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

**An Ardteistiméireacht 2011**

**Aistriúchán  
Ar Scéim Mharcála**

**Eacnamaíocht Talmhaíochta**

**Ardleibhéal**



**AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2011**

**EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA**

**ARDLEIBHÉAL**

**SCÉIM MHARCÁLA**

**AGUS**

**NÓTAÍ TACAÍOCHTA**

Scéim Mharcála agus Nótaí Tacaíochta le húsáid leis an Scéim Mharcála

Agus an scéim mharcála á meas ba chóir na pointí a leanas a thabhairt ar aird:

- Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach nó cinntitheach.
- I gcuid mhaith cásanna d'fhéadfadh go mbeadh eochairfhrásaí, a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé na marcanna sannta, sna nótaí tacaíochta.
- Déantar pointí iomchuí breise a chuireann iarrthóirí i láthair a mharcáil agus a chúiteamh de réir fiúntais.
- Cinntítear an mionsonrú a theastaíonn i bhfreagra ar bith tríd an gcomhthéacs agus tríd an mbealach ina gcuirtear an cheist, agus trí líon na marcanna a shanntar don fhreagra ar an bpáipéar scrúdaithe. Is féidir, mar sin, go n-athróidh riachtanais ó bhliain go bliain.

# EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA

## ARDLEIBHÉAL

### CUID I (120 marc)

20 CEIST – 15 CHEIST LE FREAGAIRT.

TÁ MARCANNÁ COTHROMA AG GABHÁIL LE GACH CEIST (8 MARC)

#### Scéim Mharcála Imlíne

- |     |                                  |     |                                  |
|-----|----------------------------------|-----|----------------------------------|
| 1.  | 2 @ 4 mharc an ceann (2 m + 2 m) | 11. | 8 marc (4 m + 2 m + 2 m)         |
| 2.  | 2 @ 4 mharc an ceann (2 m + 2 m) | 12. | 8 marc                           |
| 3.  | 2 éifeacht @ 4 mharc an ceann    | 13. | Fíor/Bréagach 4 m; Míniú 4 m     |
| 4.  | 2 mhodh @ 4 mharc an ceann       | 14. | 2 mhodh @ 4 mharc an ceann       |
| 5.  | 8 marc (6 m + 2 m)               | 15. | 8 marc (4 m + 2 m + 2 m)         |
| 6.  | 8 marc (4 m + 2 m + 2 m)         | 16. | 2 ghníomh @ 4 mharc an ceann     |
| 7.  | 2 mhodh @ 4 mharc an ceann       | 17. | 1 úsáid @ 6 m + 1 úsáid @ 2 m    |
| 8.  | 8 marc (4 m + 4 m)               | 18. | 8 marc                           |
| 9.  | 3 @ 2 mharc + 2 @ 1 mharc        | 19. | 2 @ 4 mharc an ceann (2 m + 2 m) |
| 10. | 8 marc                           | 20. | 2 mhodh @ 4 mharc an ceann       |

## CUID II (200 marc)

### 4 CHEIST LE FREAGAIRT AG 50 MARC AN CEANN

1. (a) Mínigh na ceangail 3 @ 7 marc an ceann (4 m + 3 m) 21  
(b) Mínigh dhá ról 5 m (3 m + 2 m) + 4 m (2 m + 2 m) 9  
(c) (i) Tosca maidir lenar chóir a tháirgeadh 3 @ 5 mharc (3 m + 2 m)  
(ii) Tosca maidir le conas é a tháirgeadh 1 @ 5 mharc (3 m + 2 m) 20
- [50 marc]**

2. (a) 2 mhíniú @ 5 mharc an ceann (3 m + 2 m) 10  
(b) 4 chéim @ 10 marc an ceann (5 m + 5 m) 40
- [50 marc]**

3. (a) Lipéid chearta ar an léaráid 10 marc 10  
(b) Iarmhairt 10 marc (4 m + 3 m + 3 m)  
Léaráid 5 mharc 15  
(c) Léaráid 14 mharc  
Plé 11 mharc (6 m + 5 m) 25
- [50 marc]**

4. (a)	Na fiachais iomlána	4 mharc	
	An glanfhiúchas	6 mharc	10
(b)	Staid ghearrthéarmach	12 mharc $[2 \text{ m} + 6 \text{ m} + 4 \text{ m} (2 + 2)]$	
	Staid fhadtéarmach	12 mharc $[2 \text{ m} + 6 \text{ m} + 4 \text{ m} (2 + 2)]$	24
(c)	3 chineál árachais	6 m $(2 \text{ m} + 4 \text{ m})$	
		5 m $(2 \text{ m} + 3 \text{ m})$	
		5 m $(2 \text{ m} + 3 \text{ m})$	16

**[50 marc]**

5. (a)	4 ranníocaíocht @ 5 mharc an ceann $(2 \text{ m} + 3 \text{ m})$		20
(b)	Léaráid	8 marc	
	(i) Iarmhairt ar éileamh agus ar sholáthar	12 mharc $(6 \text{ m} + 6 \text{ m})$	
	(ii) Iarmhairt ar phraghas cothromaíochta	10 marc $[5 \text{ m} (3 + 2) + 5 \text{ m} (3 + 2)]$	30

**[50 marc]**

6. (a)	Cúnamh Bia	18 marc $[6 \text{ m} (3 + 3) + 6 \text{ m} (3 + 3) + 6 \text{ m} (3 + 3)]$	18
(b)	Saorthrádail	16 mharc $[6 \text{ m} (3 + 3) + 5 \text{ m} (3 + 2) + 5 \text{ m} (3 + 2)]$	16
(c)	Eagraíochtaí neamhrialtais		
		16 mharc $[6 \text{ m} (3 + 3) + 5 \text{ m} (3 + 2) + 5 \text{ m} (3 + 2)]$	16

**[50 marc]**

# Nótaí Tacaíochta

## EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA

### ARDLEIBHÉAL

#### CUID I (120 marc)

1. **Sainmhínigh na tosca táirgeachta seo a leanas:**
  - (i) **Talamh:** aon cheo a chuireann an nádúr ar fáil a úsáidtear i dtáirgeadh earraí agus seirbhísí.
  - (ii) **Bainistíocht (fiontraíocht):** an tosca táirgeachta sin a eagraíonn na tosca eile a tháirgeann earraí agus seirbhísí.
2. **Luaigh dhá chúis le hidirghabháil rialtais i ngeilleagar.**
  - Rialúchán ar leibhéal foriomlán na gníomhaíochta geilleagraí
  - Cur chun cinn an bhorrtha gheilleagraigh agus na fostaíochta
  - Cánacha a ardú agus ioncam a athdháileadh
  - An méid creidmheasa a rialú
3. **Tabhair breac-chuntas ar dhá shlí a rachaidh sé i bhfeidhm ar fheirmeoirí na hÉireann a onnmhairíonn táirgí talmhaíochta go dtí margadh na Ríochta Aontaithe má mhéadaíonn luach an euro (€) i gcoibhneas leis an bpunt (£) steirling:**
  - Éiríonn praghas táirgí Éireannach níos daoire i gcoibhneas sa RA
  - Titeann onnmhairí ó Éirinn go dtí an RA/caillteanas post/dúntar gnólachtaí
  - Méadaíonn allmhairí go hÉirinn ón RA – níos mó iomaíochta d'fheirmeoirí
  - Borradh geilleagrach laghdúithe
4. **Luaigh dhá mhodh chun talamh a aistriú in Éirinn:**
  - (i) Oidhreacht
  - (ii) Ceannach
5. Is é atá i **bhFoirmiú Caipitil Comhlán** ná tomhas den líon a cuireadh leis d'fheabhsúchán talún, foirgnimh, innealra agus trealamh, stoc síolraíochta in aon tréimhse ama.
6. In eacnamaíocht na táirgeachta, is é atá i leibhéal barrmhaitheasa an aschuir ná an leibhéal ar a mbíonn **brabús** chomh mór agus is féidir. Dá bhrí sin, faoi anailís imeallach, is féidir a bheith ag súil leis go méadóidh feirmeoir an t-aschur chomh fada agus atá **praghas** an táirge níos mó ná **costas** imeallach an táirge.

**7. Luaigh dhá mhodh a úsáideann feirmeoirí na hÉireann chun tionchar a imirt ar bheartas an rialtais:**

- Bunú/ballraíocht eagraíochtaí feirmeoireachta (e.g. Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann, Macra na Feirme)
- Stocaireacht ar Theachtaí Dála
- Taispeántais innealra
- Dumpáil farasbarr táirgí

**8. Is ‘praghasghlacadóirí’ iad feirmeoirí. Ciallaíonn sé seo go bhfuil cuar éilimh an fheirmeora aonair ina líne dhíreach chothrománach atá praghasleasteach go héigríochtach. Is cuma cá mhéad a dhíolann an feirmeoir aonair, beidh an praghas infhaighte seasta ag praghas an mhargaidh.**

**9. Agus na sonraí a thugtar á n-úsáid agat, comhlánaigh an tábla seo a leanas:**

Leasachán (tonaí)	Táirge Iomlán (tonaí)	Meántáirge (tonaí)	Táirge Imeachach (tonaí)
1	6	6	–
2	8	4	2
3	9	3	1

**10. Má tá an t-éileamh ar earra praghas-neamhleasteach, déanfaidh laghdú táirgeachta an t-ioncam iomlán a mhéadú. Mínigh an ráiteas seo.**

Is é an t-ioncam iomlán an praghas méadaithe faoin aschur.

Má tá an t-éileamh neamhleasteach, cruthóidh méadú 1% ar tháirgeadh (aschur) méadú níos mó i gcomhréir (>1%) ar phraghas, agus dá bhrí sin méadóidh an t-ioncam iomlán.

**11. Luaigh trí chineál de struchtúr margaidh:**

- Iomaíocht Fhoirfe
- Monaplacht
- Iomaíocht mhonaplach
- Olagaplacht.

**12. Glac leis gurb é an luach atá ar ainmhí ná €800 i dtosach na bliana agus €950 ag deireadh na bliana. Luaigh conas ba chóir é seo a thaifeadadh agus leibhéal aschuir na feirme don bhliain á ríomh.**

Tháinig méadú €150 ar luach an ainmhí agus ba chóir an méadú seo a chur san áireamh in aschur na bliana.



13. Má ghlactar leis gur earraí lagmheasa iad ‘damheireabaill’, déanfaidh laghdú ar fhíor-ioncam tomhaltóirí an t-éileamh ar dhamheireabaill a mhéadú.

**Luaigh cé acu atá an ráiteas seo FÍOR nó BRÉAGACH. Fíor**

**Mínigh do fhreagra:** Laghdú i bhfíor-ioncam  $\Rightarrow$  cumhacht ceannaigh ag laghdú agus ionadú ó shó-earraí bia  $\Rightarrow$  méadú ar éileamh d’earraí bia lagmheasa.

Tá leaisteachas ioncaim an éilimh diúltach ag earraí lagmheasa. Ceannaítear níos lú díobh nuair a mhéadaíonn fíor-ioncam.

14. Luaigh dhá mhodh chun dímheas a ríomh:

- (i) dímheas de réir méid chothroim
- (ii) dímheas de réir iarmhéid meata.

15. Mínigh an téarma ‘cothromas’ agus tú ag tagairt do chlár comhardaithe feirme.

Seo an difríocht idir sócmhainní (idir shócmhainní seasta – ar nós talún agus foirgneamh – agus shócmhainní reatha – ar nós beathú, barra indíolta agus airgead tirim) agus dliteanais eachtraigh (ar nós iasachtaí, rótharraingtí banc).

16. Tabhair breac-chuntas ar dhá ghníomh a d’fhéadfadh feirmeoirí a chur san áireamh agus iad ag iarraidh réiteach a fháil ar dheacrachtaí acu a n-aisíocaíochtaí iasachta a dhéanamh de réir sceideal aontaithe.

- Sócmhainní a dhíol
- Caighdeáin maireachtála a laghdú
- Tréimhse aisíocaíochtaí a fhadú

17. Tabhair breac-chuntas ar dhá úsáid a d’fhéadfaí a bhaint as sonraí ó Mhóráireamh na Talmhaíochta 2010, a rinne an Phríomhoifig Staidrimh (CSO).


- Cuireann Móráireamh na Talmhaíochta 2010 léargas iomlán agus cuimsitheach ar earnáil táirgthe na talmhaíochta ar fáil. Tá an fhaisnéis seo rithábachtach chun forbairt an bheartais talmhaíochta a chinneadh in Éirinn agus san AE.
- Baineann Rialtas na hÉireann agus an Coimisiún Eorpach araon úsáid as staitisticí mar seo chun cabhrú le beartas nua a chur i dtoll a chéile agus chun monatóireacht a dhéanamh ar bheartas talmhaíochta reatha.
- Úsáideann cumainn feirmeoireachta, taighdeoirí eacnamaíochta agus feirmeoirí aonair/táirgeoirí talmhaíochta fiú staitisticí an Mhóráirimh agus iad i gcinnteoireacht.

- 18. Agus anailís chomparáideach á déanamh aige/aici, tá feirmeoir ag déanamh meastóireachta ar éifeachtúlacht a f(h)eirme trí chomparáid a dhéanamh idir torthaí na feirme agus na meántorthaí ó fheirmeacha cosúla sa cheantar nó sa réigiún.**
- 19. Luaigh dhá chúis leis an ardú ar phraghsanna bia le déanaí:**
- Cuireann méadú ar chostais aschuir – praghas an bhreosla, praghas leasúcháin – le costas an táirgthe.
  - Éileamh méadaithe ó thíortha éiritheacha agus pátrúin aiste bhia ag athrú
  - Tubaistí nádúrtha/triomach/drochaimsir atá ina cúis le ganntanas bia
  - Drochbharra
  - Bithbhreosla – athrú úsáid talún go táirgeadh barra bithbhreosla
  - Cosc ar onnmhairí i dtíortha i mbéal forbartha agus i dtíortha éiritheacha
  - Amhantraíocht
  - Cuileáil bia – srian a chur ar onnmhairiú chun soláthair áitiúla a chosaint
- 20. Luaigh dhá mhodh is féidir a úsáid chun praghsanna ráthaithe a chur ar fáil d'fheirmeoirí:**
- Fóirdheontais ar tháirgeadh
  - Taraifí agus tobhaigh allmhairithe
  - cuótaí táirgí
  - cuótaí allmhairí
  - íocaíochtaí easnaimh.

## Cuid II (200 marc)

### CEIST 1.

Sa léaráid thíos léirítear córas eacnamaíochta simplithe a bhfuil dhá aonad ann, teaghlaigh agus gnólachtaí. Léiríonn sé conas a idirghníomhaíonn na haonaid sin trí na margai táirgí agus na margai toasca.



(a) (a) **Mínigh na ceangail, lipéadaithe X, Y agus Z thuas.**

- X: Íocann gnólachtaí d'acmhainní a fhaightear ón margadh toasca. Íocann gnólachtaí pána do shaothar, ús ar acmhainní caipitil, agus brabús d'fhiontar.
- Y: Soláthraíonn gnólachtaí earraí agus seirbhísí do na margai táirgí/earraí. Baineann gnólachtaí úsáid as na toasca táirgthe chun aschur a chruthú, a sholáthraítear don mhargadh táirge mar mhalairt ar ioncam.
- Z: Soláthraíonn teaghlaigh acmhainní (talamh, saothar, caipiteal agus bainistíocht/fiontar) don mhargadh toasca mar mhalairt ar ioncam.

(b) **Dhá aonad breise a d'fhéadfadh a bheith i gcóras eacnamaíochta ná (i) an rialtas agus (ii) gnólachtaí idirmheánacha. Mínigh an ról atá ag gach aonad díobh.**

- Gearrann an rialtas cáin ar theaghlaigh agus cuireann sé an t-airgead ar fáil do ghnólachtaí trí chaiteachas rialtais.
- Cuireann gnólachtaí idirmheánacha earraí ar fáil do ghnólachtaí eile, ní do theaghlaigh.

(c) **Déan plé ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar chinneadh gnólachta maidir le:**

(i) **Cad is cóir a tháirgeadh:**

- leibhéal éilimh an tomhaltóra
- costais choibhneasta táirgthe
- ionchais praghais agus margaidh sa todhchaí
- oiriúnacht na talún
- sainrogha an fheirmeora
- teicneolaíocht
- Riosca laghdaithe
- Uasmhéadú brabúis.

(ii) **Conas é a tháirgeadh:** anailís costais feirme, leibhéal iomaíochta.


## CEIST 2.

- (a) **Mínigh na téarmaí boilsciú de bharr ‘costbhrú’ agus boilsciú de bharr ‘tharraingt an éilimh’.**

Tarlaíonn **boilsciú de bharr ‘costbhrú’** nuair a ardaítear gnáth-phraghasleibhéil de bharr méaduithe ar chostais táirgthe d’uireasa aon mhéadú comhfhreagrach sa táirgiúlacht. Tá méaduithe ar phánna agus praghsanna allmhairí ina gcúis le boilsciú de bharr costbhrú.

Tarlaíonn **boilsciú de bharr ‘tharraingt an éilimh’** nuair atá an t-éileamh ag méadú i ngeilleagar níos sciobtha ná an soláthar. Ardaíonn ró-éileamh an praghasleibhéal. “An iomarca airgid i ndiaidh líon róbheag earraí.”

- (b) **Sa léaráid thíos léirítear biashlabhra ginearálaithe.**



D’fhéadfadh méaduithe ar phraghsanna bia tosú áit ar bith feadh an bhiashlabhra.

**Déan plé ar conas is féidir le méaduithe ar phraghsanna bia tosú ag na céimeanna 1 go 4 ar an mbiashlabhra thuas, agus tagairt á déanamh agat do thalmhaíocht na hÉireann:**

1. An chuid den bhiashlabhra/ionchuir cheannaithe roimh gheata na feirme:

Féadfaidh méadú teacht ar phraghsanna bia de bharr aon mhéadú ar chostas táirgthe do sholáthróirí feirme (e.g. costais fuinnimh, costais amhábhair, saothair). Mura nglacann soláthróirí na n-acmhainní an costas seo chucu féin trí tháirgiúlacht mhéadaithe nó corrlaigh bhrabúis laghdaithe, caithfear é a chur leis an bpraghas a íocann feirmeoirí do na hacmhainní. Is féidir samplaí de seo a fheiceáil sa mhéadú ar chostas fuinnimh (praghsanna ola) le blianta beaga anuas, nó sa mhéadú ar chostais saothair.

2. An chuid den bhiashlabhra ar an bhfeirm /acmhainní an fheirmeora féin:

Cruthóidh costas méadaithe an fheirmeora (e.g. costais mhéadaithe saothair, costais mhéadaithe fuinnimh, costais mhéadaithe cothaithe) an gá leis an gcostas méadaithe seo a ghlacadh chuige/chuici féin trí tháirgiúlacht mhéadaithe (meánchostas laghdaithe) nó brabúis laghdaithe. B’fhéidir go

bhféadfadh an feirmeoir cuid den chostas seo a chur ar aghaidh trí phraghas níos airde a ghearradh ar thomhaltóirí, ach d'fhéadfadh an cumas é seo a dhéanamh a bheith laghdaithe mar gur praghasghlacadóirí iad formhór an bhfeirmeoirí.

### 3. Allmhairí:

Féadfaidh allmhairí dul isteach sa bhiashlabhra san earnáil i ndiaidh gheata na feirme; teastóidh próiseáil agus dáileadh uathu sula dtéann siad chomh fada leis an tomhaltóir. D'fhéadfadh praghas na n-allmhairí méadú de bharr iad seo a leanas:

- (i) Is féidir le hathruithe ar choinníollacha trádála idirnáisiúnta (e.g. rátaí malairte, taraifí, bacainní trádála) méadú ar phraghas allmhairí a chruthú. Mura nglacann próiseálaithe an méadú praghais seo chucu féin, beidh ar na tomhaltóirí íoc as mar mhéadú ar phraghas. Déantar leasúchán, breosla agus cothú a iompórtáil de ghnáth agus is féidir le tosca domhanda tionchar díréireach a imirt ar a gcostas.
- (ii) Féadfaidh gluaiseacht i ráta malairte tionchar suntasach a imirt ar phraghas allmhairí.

### 4. An chuid den bhiashlabhra i ndiaidh gheata na feirme:


San earnáil i ndiaidh gheata na feirme, féadfaidh costais próiseála méadú de bharr tuarastail agus pána méadaithe na ndaoine atá fostaithe san earnáil próiseála. B'fhéidir go bhféadfadh an bhainistíocht méaduithe ar chostais a ghlacadh chucu féin sa ghnólacht. Murar féidir é seo a dhéanamh, déanfaidh siad iarracht na méaduithe a chur ar aghaidh chuig an earnáil dailte nó siar chuig an bhfeirmeoir mar phraghas níos ísle dá (h)aschur talmhaíochta. Braithfidh an treo ar staid na cothromaíochta margaidh ar an bhfeirm agus ag leibhéal an dailte.

De ghnáth, má chuirtear na méaduithe ar aghaidh chuig an earnáil dailte íocann an tomhaltóir praghas níos airde ar bhia.

### CEIST 3.


Sa léaráid thíos taispeántar staid an tsoláthair agus an éilimh i gcás eorna i margadh na hÉireann.

- (a) Cóipeáil an léaráid i do fhreagarleabhar. Lipéadaigh na haiseanna, cuar an tsoláthair agus cuar an éilimh, mar aon leis an bpraghas cothromaíochta agus an chainníocht.
- (b)




- (c) Glac leis go raibh séasúr iontach ag na feirmeoirí maidir le heorna a fhás. Agus an léaráid a tharraing tú á húsáid agat, léirigh agus pléigh an iarmhairt a bheidh aige seo ar phraghas cothromaíochta an mhargaidh agus ar an gcainníocht.

Aistríonn cuar an tsoláthair ar dheis / méadaíonn soláthar, titeann praghsanna agus méadaíonn cainníocht.  
Taispeántar cothromaíocht nua mar E2.



- (d) Is ar phraghasleasteachas an tsoláthair i gcás táirge talmhaíochta a bhraitheann méid an athraithe a thagann ar phraghas an táirge de thoradh athrú san éileamh.  
Pléigh an ráiteas sin, agus léaráid chuí á húsáid agat.



Má tá an soláthar neamhleasteach ( $S_1$ ), cruthóidh méadú ar éileamh ( $E_1$  go  $E_2$ ) méadú suntasach ar phraghas ( $P_1$  go  $P_2$ ), ach méadú nach bhfuil chomh suntasach céanna ar chainníocht margaidh ( $Q_1$  go  $Q_2$ ).

Má tá an soláthar leasteach ( $S_1^*$ ), cruthóidh méadú ar éileamh ( $E_1$  go  $E_2^*$ ) méadú suntasach ar chainníocht margaidh ( $Q_1$  go  $Q_2^*$ ), ach méadú nach bhfuil chomh suntasach céanna ar phraghas ( $P_1$  go  $P_2^*$ ).



#### CEIST 4.

Anseo thíos tá Clár Comhardaithe d'fheirm mar a bhí ar 31/12/10.

Sócmhainní €		Fiachais €	
<b>Sócmhainní Seasta</b>		<b>Fiachais Fhadtéarmacha</b>	
Talamh agus foirgnimh	450,000	Iasachtaí le híoc ar fhoirgnimh agus ar innealra	150,000
Innealra agus trealamh	250,000		
Stoc siolraíochta	80,000		
<b>Sócmhainní Reatha</b>		<b>Fiachais Reatha</b>	
Trádáil beostoic	40,000	Rótharraingt bhainc	20,000
Bia ainmhithe agus leasachán	7,000	Creidiúnaithe eile	12,000
Barra foráiste	15,000		
Barra indíolta	1,000		
Airgead tirim agus fiachóirí	20,000		
		<b>Glanfhiúchas</b>	<b>?</b>
<b>Iomlán</b>	<b>863,000</b>	<b>Iomlán</b>	<b>?</b>

- (a) **Ríomh na fiachais iomlána agus an glanfhiúchas ón gClár Comhardaithe thuas.**

Fiachais: €863,000

Glanfhiúchas: €681,000 (863,000 – 150,000 – 20,000 – 12,000)

- (b) **Agus cóimheasa ábhartha á n-úsáid agat, déan staid ghearrthéarmach airgeadais na feirme agus staid fhadtéarmach airgeadais na feirme araon a mheas.**

**Déan tagairt do leachtacht agus do sócmhainneacht i do fhreagra.**

**Staid ghearrthéarmach airgeadais:**

Cóimheas leachtachta = sócmhainní leachtacha/fiachais reatha  
= 0.66 : 1 [(20,000 + 1,000) / (20,000 + 12,000)].

Tugann sé seo le fios go mb'fhéidir nach bhfuil dóthain acmhainní leachtacha acu chun na fiachais reatha a íoc má chuireann creidiúnaithe brú orthu iad a íoc.

**Staid fhadtéarmach airgeadais:**

Cóimheas féich le glanfhiúchas = 0.27 : 1  
[(150,000 + 20,000 + 12,000) / (681,000)].

Tugann sé seo le fios go bhfuil an fheirm sócmhainneach, cé go bhfuil fadhbanna leachtacha aici, agus go bhfuil dóthain sócmhainní aici chun a fiachais fhadtéarmacha a íoc.

**(c) Sainaithin agus pléigh trí chineál árachais ba chóir d'fheirmeoir a chur sa mheá.**

Is féidir le **hárachas réadmhaoine** cumhdach iomlán a chur ar fáil d'ábhar agus do réadmhaoine iomlán na feirme in aghaidh rioscaí ar nós tine, tuile, stoirme, píopaí pléasctha agus gadaíochta. Is féidir réimse leathan cumhdaigh a eagrú don réadmhaoine feirmeoireachta ar fad, lena n-áirítear foirgnimh, táirgí, uirlisí beag, innealra agus ábhar oifige. D'fhéadfaí cumhdach do stopadh gnó (caillteanas iarmhartach) a chur leis, chun ioncam/brabúis an fheirmeora a chosaint i ndiaidh dochair de bharr riosca/priacail faoi árachas.

**Árachas dliteanais phoiblí:** Cruthaíonn úinéireacht nó áitíocht talún féidearthacht go ndéanfaí éileamh dliteanais phoiblí, sa chás gur imríodh caillteanas nó gortú ar chuairteoir nó ar dhuine den phobal de bharr fhaillí an fheirmeora. D'fhéadfaí éalú ainmhithe ón réadmhaoine a áireamh leis seo.

**Árachas dliteanas fostóra:** Ceanglas reachtúil é go n-eagraíonn aon duine atá ag fostú daoine ar bhonn lánaimseartha, páirtaimseartha nó ócáideach árachas dliteanas fostóra. Cosnaíonn sé seo ar éilimh ó aon fhostaí de bharr timpistí agus é/í ag obair ar an bhfeirm.

**Árachas saoil:** cuireann sé seo cúiteamh ar fáil do thairbhí ainmnithe sa chás go bhfaigheann an duine faoi árachas (an feirmeoir) bás. Tá cineálacha éagsúla ar fáil, lena n-áirítear árachas téarma saoil, lánsoil agus dearlaice.

**Árachas sláinte:** clúdaíonn sé seo na costais a bhaineann le cúram sláinte príobháideach i gcás breoiteacht thromchúiseach.

**Árachas gluaisteán:** riachtanach d'aon fheithicil feirme nó carr/jíp príobháideacha a úsáideann na bóithre poiblí.

## CEIST 5.


(a) **Tabhair breac-chuntas ar cheithre shlí ar féidir le talmhaíocht cur le fás eacnamaíoch tíre.**

- Táirgeadh bia agus amhábhair ag praghas íseal i gcoibhneas.
- Scaoileadh saothar talmhaíochta do tháirgeadh earraí agus seirbhísí eile.
- Is féidir le rótháirgeadh earraí talmhaíochta ar an margadh baile cur le honnmhairí.
- Borradh feabhsaithe geilleagrach de bharr ioncam méadaithe feirmeora.
- Cabhróidh aschur méadaithe sa talmhaíocht le borradh i dtionscail lena mbaineann e.g. soláthróirí agus próiseáil bia.
- Cuireann an talmhaíocht go mór le cosaint an chomhshaoil.

(b) **Tá fás suntasach daonra agus fíor-ioncam méadaithe per capita ina lán geilleagar i mbéal forbartha (mar an tSín agus an India). Freisin tá na tíortha seo ag glacadh le teicneolaíocht nua talmhaíochta agus modhanna nua saothraíochta.**

**Pléigh, le cabhair léaráide, na slite a bhféadfadh na hathruithe sin dul i bhfeidhm orthu seo a leanas:**

- An t-éileamh ar bhia **agus** soláthar an bhia sna tíortha seo.
- Praghas cothromaíochta an bhia sna tíortha seo.



**(i) An t-éileamh ar bhia agus soláthar an bhia sna tíortha seo.**

Beidh méadú ar éileamh ar tháirgí talmhaíochta (D1 go D2) i dtíortha i mbéal forbartha mar thoradh ar mhéadú ar an daonra agus ar fhíor-ioncaim.

Ar an láimh eile, beidh soláthar méadaithe aschur talmhaíochta (S1 go S2) mar thoradh ar theicneolaíocht agus modhanna fearachais feabhsaithe.

**(ii) Praghas cothromaíochta an bhia sna tíortha seo.**

Sa chás go méadaíonn éileamh agus soláthar araon, méadóidh aschur margaidh (Q1 go Q2), ach beidh an t-athrú ar phraghas margaidh dochinntithe (tá sé de nós ag éileamh méadaithe an praghas margaidh a mhéadú, agus go ndéanann soláthar méadaithe é a laghdú).

Sa chás go dtagann méadú comhréireach ar an soláthar le méadú ar an éileamh ar aschur talmhaíochta, is féidir a bheith ag súil go méadóidh aschur talmhaíochta gan mórán athraithe sna praghsanna.

Ach i gcás go leor tíortha i mbéal forbartha, níl soláthar méadaithe ag teacht leis an méadú ar éileamh. Dá bhrí sin, is féidir a bheith ag súil le méadú ar phraghsanna bia.

## **CEIST 6.**

**Déan plé ar conas a chabhraíonn gach ceann díobh seo a leanas le forbairt na dTíortha Tearcfhorbartha (LDCs i mBéarla).** Déan tagairt i do chuid freagraí do na sochair agus do na teorainneacha a bhaineann le gach ceann díobh.

### **(a) Cúnamh Bia a chur ar fáil trí Chlár Bia an Domhain ag na Náisiúin Aontaithe.**

#### **Buntáistí:**

- Tugtar cúnamh bia do dhaoine nach bhfuil in ann a ndóthain bia a tháirgeadh ná a fháil dóibh féin ná dá dteaghlaigh.
- Tá aistriú díreach táirgí bia ó tíortha forbartha go tíortha i mbéal forbartha (áit ar ann do dhroch-chothú) inmhianta ó thaobh an chothromais agus an chirt de.

#### **Teorainneacha:**

- Tá sé daor é seo a dhéanamh mar go gcaithfear feirmeoirí i dtíortha forbartha a íoc chun an bia a tháirgeadh, agus d'fhéadfadh go mbeadh ar an tír bhronntach íoc as an iompar agus as an dáileadh.
- Fadhbanna tromchúiseacha lóistíochúla faoin mbia a sheachadadh ar na hócraigh agus é mar thoradh air seo nach dtéann go leor den bhia chomh fada lena cheann scríbe beartaithe.
- D'fhéadfadh cúnamh bia trádáil tráchtála a chur as áit mar d'fhéadfadh tíortha onnmhairithe a chreidiúint go mbeadh margaí tráchtála i roinnt tíortha mura mbeidís ag fáil bia saor in aisce.
- D'fhéadfadh cúnamh bia táirgeadh dúchasach a chur as áit mar nuair a fhaigheann tír bia saor in aisce d'fhéadfadh sí a bheith ag brath ar na soláthairtí sin chun aimhleasa an táirgthe dhúchasaigh.

### **(b) Forbairt na Saorthrádála i dtáirgí talmhaíochta trí Eagraíocht Trádála an Domhain (WTO i mBéarla).**

#### **Buntáistí:**

- Deireadh le bacainní trádála sa talmhaíocht ar nós taraifí agus cuótaí, go háirithe san AE agus i SAM.
- Do mhórán tíortha is lú forbairt (LDCanna), foinse thábhachtach ioncaim iad táirgeadh agus onnmhairiú táirgí talmhaíochta.
- Cuirfidh deireadh na mbacainní trádála deis ar fáil d'easpórtálaithe bia LDC rochtain níos mó a fháil ar mhargaí móra ar nós an AE agus SAM.
- Laghdú rótháirgeadh agus dumpáil margaidh ar mhargaí an domhain.
- Cothú shaoirse an táirgeora agus an tomhaltóra araon in aghaidh maoirseacht agus rialúchán pleanálaithe agus maorlathaí rialtais.
- D'fhéadfadh tíortha forbartha téarmaí trádála neamhfhabhracha na LDCanna a fheabhsú trí phraghsanna níos airde a íoc d'onnmhairí na LDCanna.

**Teorainneacha:**

- Friotaíocht in aghaidh bearta saorthrádála san AE agus i SAM mar riachtanas braite chun an talmhaíocht baile a chosaint agus an soláthar bia a chinntiú.
- Praghsanna níos ísle ag cruthú ioncaim níos ísle d'fheirmeoirí.
- Praghsanna agus ioncaim neamhsheasmhacha d'fheirmeoirí.
- Brúitear feirmeoirí beaga as an bhfeirmeoireacht.

**(c) Gníomhaíochtaí na n-eagraíochtaí neamhrialtais mar Concern agus Trócaire.**

**Buntáistí:**

- Cúnamh teicniúil agus airgeadais (lena n-áirítear earraí caipitiúla) gan aon choinníollacha.
- Cuirtear forbairt talmhaíochta, cúnamh leighis, gníomhaíochtaí oideachais agus sóisialta ar fáil – cabhraíonn siad le pleanáil ar aghaidh a chur chun cinn sna LDCanna.

**Teorainneacha:**

- D'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ag eagraíochtaí an t-airgead a theastaíonn a fháil.
- Fadhbanna lóistíochúla – iompar, margadh dubh.
- Deacrachtaí rochtain a fháil ar roinnt tíortha.
- An gá slándáil a n-oibríthe a chinntiú.
- D'fhéadfadh nach rachadh na tacaíochtaí chuig na faighteoirí beartaithe.



